2024/2711

23.10.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2711 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh tiaclóipride i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), Airteagal 18(1), agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substainte gníomhaí tiaclóiprid, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an 'tÚdarás') athbhreithniú ar na MRLanna sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus mhol sé MRLanna a fuarthas a bheith sábháilte do thomhaltóirí ([2]). Le Rialachán (AE) 2015/1200 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh na MRLanna sin isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) In 2020 ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí sin a athnuachan ([4]) ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), i bhfianaise na n-ábhar imní criticiúil a shainaithin an tÚdarás i gconclúidí an athbhreithnithe piaraí maidir le héilliú screamhuisce le meitibilítí tiaclóipride a d'fhéadfadh a bheith carcanaigineach ([6]) agus i bhfianaise aicmiú na substainte mar shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh catagóir 1B, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]). Ós rud é nár chomhlíon an tsubstaint na critéir formheasa, mheas an tÚdarás nár ghá bailchríoch a chur ar an measúnú ar airíonna réabtha iontálaigh a d'fhéadfadh a bheith ag tiaclóiprid ar bhonn na gcritéar is déanaí i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ([8]). Thug an tÚdarás dá aire, áfach, gur measadh gur chomhlíon tiaclóiprid na critéir maidir le hairíonna réabtha iontálaigh a

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/2024-02-26.

([2]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2014. Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) atá ann cheana le haghaidh tiaclóipride de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(3):3617, ELI: https://doi:10.2903/j.efsa.2014.3617.

([3]) Rialachán (AE) 2015/1200 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2015 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na huasleibhéil iarmhar le haghaidh aimídeasulfúróin, feanheacsaimíde, creasocsaim-meitile, tiaclóipride agus tríthlocsastróibine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 195, 23.7.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1200/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/23 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí tiaclóiprid, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 8, 14.1.2020, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/23/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/2022-11-21).

([6]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2019. Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí lotnaidicídí. Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tiaclóiprid. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(3): e05595, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5595.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/2023-12-01).

([8]) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 trí chritéir eolaíocha a leagan amach chun airíonna réabtha iontálaigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/605/2018-04-20).

leagadh amach in 2013 ([9]) agus sainmhíniú EDS ar réabóirí iontálacha ([10]), ós rud é go bhfuil sí ina cúis le héifeachtaí díobhálacha ar an gcóras atáirgthe agus ar an gcóras inchríneach trí mhodh gníomhaíochta iontálaigh.

(3) Rinneadh gach údarú a bhí ann le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil tiaclóiprid a chúlghairm. Na MRLanna atá ann cheana le haghaidh na substainte gníomhaí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a) de. I bhfianaise na luachanna tagartha tocsaineolaíocha nua, go háirithe géardháileog thagartha níos ísle, mar a moladh i gconclúid an athbhreithnithe piaraí, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás ráiteas a sholáthar faoi Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i ndáil le measúnú gearrthéarmach ar (ghéar-)riosca cothúcháin le haghaidh na MRLanna atá bunaithe ar úsáidí lasmuigh den Aontas, is iad sin na cinn atá bunaithe ar iarrataí ar lamháltas allmhairiúcháin agus iad siúd atá bunaithe ar uasteorainneacha iarmhar Codex ('CXLanna') a socraíodh in 2007.

(4) Sa ráiteas uaidh ([11]), shainaithin an tÚdarás riosca sláinte do thomhaltóirí maidir leis na CXLanna le haghaidh péitseog agus piobar. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a ísliú go dtí na teorannacha cinnidh táirgeshonracha. Maidir leis na MRLanna le haghaidh papánna agus tae, a díorthaíodh ó lamháltais allmhairiúcháin, agus maidir leis na MRLanna le haghaidh cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, aibreog, silíní (iad milis), plumaí, súitha talún, 'torthaí cána', 'torthaí beaga eile agus caora eile', cíobhaíonna, prátaí, trátaí, ubhthorthaí, 'guird a bhfuil craiceann inite acu', mealbhacán, mealbhacáin uisce, síolta ráibe, síolta mustaird, ríse, cruithneachta, 'táirgí ainmhithe (mucra, bó-ainmhithe, caoirigh, capaill, agus ainmhithe feirme eile) ó fhíocháin (matán, ae, duáin agus scairteach inite)', éanlaith chlóis (matán, ae agus scairteach inite), bainne agus uibheacha, atá bunaithe ar CXLanna, níor shainaithin an tÚdarás géar-riosca do thomhaltóirí ach tháinig sé ar an gconclúid gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a bhreithniú a thuilleadh.

(5) Bhí an measúnú riosca a rinne an tÚdarás bunaithe ar luachanna tagartha tocsaineolaíocha a bhí ann cheana. Ní gá go léiríonn na luachanna tagartha tocsaineolaíocha sin éifeachtaí a bhaineann leis an gcóras inchríneach ós rud é nach ndearnadh measúnú orthu de réir chritéir nua an Aontais a suíodh in 2018 ([8]). Thairis sin, is minic a bhíonn éifeachtaí a bhaineann leis an gcóras iontálach ann ar leibhéil ísealdáileoige agus is minic nach mbíonn tairseach shábháilte ag substaintí atá ina réabóirí iontálacha ([12]). Mar thoradh air sin, tá ábhar imní ann fós go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag na MRLanna atá bunaithe ar úsáidí lasmuigh den Aontas ar shláinte an duine agus nach mbeadh siad ag teacht leis an ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí san Aontas. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás measúnú breise a dhéanamh ar thiaclóiprid agus na critéir is déanaí maidir le réabóirí iontálacha á gcur san áireamh.

(6) Go dtí go dtabharfaidh an tÚdarás an measúnú riosca breise sin i gcrích, agus i bhfianaise na faisnéise ábhartha atá ar fáil maidir leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach ar shláinte an duine, is iomchuí na MRLanna atá bunaithe ar úsáidí lasmuigh den Aontas a ísliú go sealadach. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin a luaithe a thabharfaidh an tÚdarás an measúnú i gcrích.

(7) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair thiaclóipride a mhéid a bhaineann leis an ngá teorannacha cinnidh áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin teorannacha cinnidh táirgeshonracha is féidir a bhaint amach go hanailíseach i gcás gach táirge.

([9]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2013. Tuairim Eolaíoch maidir le measúnú guaise ar réabóirí iontálacha: critéir eolaíocha chun réabóirí iontálacha a shainaithint agus oiriúnacht na modhanna tástála atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na substaintí sin ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2013; 11(3):3132.84, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2013.3132.

([10]) EDS/CISC (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte/An Clár Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Cheimiceach), 2002. Measúnú Domhanda ar Staid eolaíochta Réabóirí Iontálacha. WHO/PCS/EDC/02.2, https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/67357/WHO_PCS_EDC_02.2.pdf?sequence=1.

([11]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2023; Ráiteas i ndáil le measúnú gearrthéarmach ar (ghéar-)riosca cothúcháin agus meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin maidir le huasleibhéil iarmhar áirithe (MRLanna) le haghaidh tiaclóipride. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2023;21(3):7888, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7888.

([12]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2010; Tuarascáil eolaíoch ón Tascfhórsa um Shubstaintí Gníomhacha Iontálacha. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2010;8(11):1932, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2010.1932.

(8) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(10) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh mar is gnáth, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí a chuirfear ar an margadh san Aontas sula dtiocfaidh na MRLanna nua i bhfeidhm, seachas i gcás piorraí, péitseog, sútha craobh (iad dearg agus buí), piobar, cabáistí Síneacha agus leitísí ar sainaithníodh riosca géar do thomhaltóirí ina leith. Tá údar leis an mbeart idirthréimhseach sin agus tá sé comhréireach i bhfianaise raon teoranta na dtáirgí a mbeadh feidhm éifeachtach ag tréimhse den sórt sin maidir leo (táirgí a bhfuil seilfré fhada acu den chuid is mó seachas táirgí meatacha úra) agus i bhfianaise go mbíonn nochtadh íseal ann do thomhaltóirí i ndiaidh táirgí den sórt sin a chaitheamh, de réir mar a léiríonn sonraí faireacháin a bhailigh an tÚdarás le déanaí, sonraí ar léiriú iad ar an margadh ([13]).

(11) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula dtiocfaidh na MRLanna modhnaithe i bhfeidhm ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 go fóill, mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo, maidir le táirgí a cuireadh ar mhargadh an Aontais roimh an 12 Bealtaine 2025, seachas i gcás piorraí, péitseog, sútha craobh (iad dearg agus buí), piobar, cabáistí Síneacha agus leitísí.

([13]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2024; Tuarascáil 2022 ón Aontas Eorpach maidir le hiarmhair lotnaidicídí i mbia. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22:e8753, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8753.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 12 Bealtaine 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, scriostar an colún le haghaidh tiaclóipride.

(2) in Iarscríbhinn V, cuirtear isteach an colún seo a leanas le haghaidh tiaclóipride:

'Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Tiaclóiprid
(1)	(2)	(3)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	
0110000	**Torthaí citris**	0,01 (*)
0110010	Seadóga	
0110020	Oráistí	
0110030	Líomóidí	
0110040	Líomaí	
0110050	Mandairíní	
0110990	Eile (2)	
0120000	**Cnónna crann**	0,02 (*)
0120010	Almóinní	
0120020	Cnónna Brasaíleacha	
0120030	Cnónna caisiú	
0120040	Castáin	
0120050	Cnónna cócó	
0120060	Cnónna coill	
0120070	Macadaimia	
0120080	Cnónna peacáin	
0120090	Eithní cnónna péine	
0120100	Cnónna pistéise	
0120110	Gallchnónna	
0120990	Eile (2)	
0130000	**Torthaí póma**	**0,01** (*)
0130010	Úlla	
0130020	Piorraí	
0130030	Cainchí	
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	
0130050	Locuatanna	
0130990	Eile (2)	

0140000	**Torthaí cloiche**	**0,01** (*)
0140010	Aibreoga	
0140020	Silíní (iad milis)	
0140030	Péitseoga	
0140040	Plumaí	
0140990	Eile (2)	
0150000	**Caora agus torthaí beaga**	**0,01** (*)
0151000	(a) **fíonchaora**	
0151010	Fíonchaora boird	
0151020	Fíniúnacha coiteanna	
0152000	(b) **sútha talún**	
0153000	(c) **torthaí cána**	
0153010	Sméara dubha	
0153020	Eithreoga	
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	
0153990	Eile (2)	
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**	
0154010	Fraocháin	
0154020	Mónóga	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	
0154050	Mogóirí róis	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	
0154080	Caora troim	
0154990	Eile (2)	
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**	**0,01** (*)
0161000	(a) **craiceann inite**	
0161010	Dátaí	
0161020	Figí	
0161030	Ológa boird	
0161040	Cumcuait	
0161050	Torthaí réaltúla	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	
0161070	Plumaí láva	
0161990	Eile (2)	
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	
0162020	Lítsíonna	
0162030	Páiseoga	

0162040	Piorraí deilgneacha	
0162050	Réalt-úlla	
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	
0162990	Eile (2)	
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**	
0163010	Abhacáid	
0163020	Bananaí	
0163030	Mangónna	
0163040	Papánna	
0163050	Pomagránaití	
0163060	Céiriomoighe	
0163070	Guábhaí	
0163080	Anainn	
0163090	Torthaí aráin	
0163100	Dúraígh	
0163110	Úlla deilgneacha	
0163990	Eile (2)	
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**	
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	**0,01** (*)
0211000	(a) **prátaí**	
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**	
0213010	Meacain bhiatais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	
0213050	Bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	
0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	
0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	

0220000	**Glasraí bleibíní**	**0,01** (*)
0220010	Gairleog	
0220020	Oinniúin	
0220030	Seallóidí	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	
0220990	Eile (2)	
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	**0,01** (*)
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**	
0231010	Trátaí	
0231020	Piobair mhilse/chloigíneacha	
0231030	Ubhthorthaí	
0231040	Ocra	
0231990	Eile (2)	
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**	
0232010	Cúcamair	
0232020	Gircíní	
0232030	Cúirséid	
0232990	Eile (2)	
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**	
0233010	Mealbhacáin	
0233020	Puimcíní	
0233030	Mealbhacáin uisce	
0233990	Eile (2)	
0234000	(d) **arbhar milis**	
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**	
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	**0,01** (*)
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	
0241010	Brocailí	
0241020	Cóilis	
0241990	Eile (2)	
0242000	(b) **praiseach chinn**	
0242010	Bachlóga Bruiséile	
0242020	Cabáistí cinn	
0242990	Eile (2)	
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**	
0243010	Cabáistí Síneacha	
0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	

0244000	(d) **cálráibí**	
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**	
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**	**0,01** (*)
0251010	Ceathrúna uain	
0251020	Leitísí	
0251030	Searbháin muc	
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	
0251050	Biolair thalún	
0251060	Ruachán Rómhánach	
0251070	Mustard dearg	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	
0251990	Eile (2)	
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	**0,01** (*)
0252010	Spionáistí	
0252020	Puirsleáin	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	
0252990	Eile (2)	
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	0,01 (*)
0255000	(e) **searbháin na Beilge**	0,01 (*)
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	**0,02** (*)
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	
0256080	Basal agus bláthanna inite	
0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	
0260000	**Léagúim**	**0,01** (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	
0260040	Piseanna (gan faighneoga)	
0260050	Lintilí	
0260990	Eile (2)	

0270000	**Glasraí gais**	**0,01** (*)
0270010	Lus súgach	
0270020	Cardúin	
0270030	Soilirí	
0270040	Finéal Fhlórans	
0270050	Bliosáin chruinne	
0270060	Cainneanna	
0270070	Biabhóg	
0270080	Péacáin bhambú	
0270090	Croíthe pailme	
0270990	Eile (2)	
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe	
0280020	Fungais fhiáine	
0280990	Caonaigh agus léicin	
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	**0,01** (*)
0300010	Pónairí	
0300020	Lintilí	
0300030	Piseanna	
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	
0300990	Eile (2)	
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	**0,02** (*)
0401000	**Olashíolta**	
0401010	Ros lín	
0401020	Piseanna talún	
0401030	Síolta poipín	
0401040	Síolta seasamain	
0401050	Síolta lus na gréine	
0401060	Síolta ráibe	
0401070	Pónairí soighe	
0401080	Síolta mustaird	
0401090	Síolta cadáis	
0401100	Síolta puimcín	
0401110	Síolta cróch bréige	
0401120	Síolta borráiste	
0401130	Caimilín	
0401140	Síolta cnáibe	
0401150	Pónairí ricne	
0401990	Eile (2)	

0402000	**Olathorthaí**	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	
0402020	Eithní pailme ola	
0402030	Torthaí pailme ola	
0402040	Capac	
0402990	Eile (2)	
0500000	**GRÁNAIGH**	**0,01** (*)
0500010	Eorna	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	
0500040	Muiléad coiteann	
0500050	Coirce	
0500060	Rís	
0500070	Seagal	
0500080	Sorgam	
0500090	Cruithneacht	
0500990	Eile (2)	
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**	**0,05** (*)
0610000	**Taenna**	
0620000	**Pónairí caife**	
0630000	**Insiltí luibhe ó**	
0631000	(a) **bláthanna**	
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	
0631040	Seasmain	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**	
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	(c) **fréamhacha**	
0633010	Caorthann corraigh	
0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**	
0640000	**Pónairí cócó**	
0650000	**Carúib**	

0700000	**LEANNLUSANNA**	0,05 (*)
0800000	**SPÍOSRAÍ**	
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	**0,05** (*)
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choire	
0810050	Cuimín	
0810060	Lus mín	
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó	
0820020	Piobar Szechuan	
0820030	Cearbhas	
0820040	Cardamam	
0820050	Caor aitil	
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	
0820070	Fanaile	
0820080	Tamarain	
0820990	Eile (2)	
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 (*)
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**	
0840010	Liocras	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	0,05 (*)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 (*)
0850010	Clóibh	
0850020	Caprais	
0850990	Eile (2)	
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 (*)
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	

0870000	**Spíosraí arail**	0,05 (*)
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	**0,01** (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	
0900020	Cánaí siúcra	
0900030	Fréamhacha siocaire	
0900990	Eile (2)	
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**	
1010000	**Tráchtearraí ó**	**0,01** (*)
1011000	(a) **mucra**	
1011010	Matán	
1011020	Saill	
1011030	An t-ae	
1011040	An duán	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1011990	Eile (2)	
1012000	(b) **bó-ainmhithe**	
1012010	Matán	
1012020	Saill	
1012030	An t-ae	
1012040	An duán	
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1012990	Eile (2)	
1013000	(c) **caoirigh**	
1013010	Matán	
1013020	Saill	
1013030	An t-ae	
1013040	An duán	
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1013990	Eile (2)	
1014000	(d) **gabhair**	
1014010	Matán	
1014020	Saill	
1014030	An t-ae	
1014040	An duán	
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1014990	Eile (2)	

1015000	(e) **each-ainmhithe**	
1015010	Matán	
1015020	Saill	
1015030	An t-ae	
1015040	An duán	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1015990	Eile (2)	
1016000	(f) **éanlaith chlóis**	
1016010	Matán	
1016020	Saill	
1016030	An t-ae	
1016040	An duán	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1016990	Eile (2)	
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**	
1017010	Matán	
1017020	Saill	
1017030	An t-ae	
1017040	An duán	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1017990	Eile (2)	
1020000	**Bainne**	**0,01** (*)
1020010	Eallach	
1020020	Caoirigh	
1020030	Gabhair	
1020040	Capall	
1020990	Eile (2)	
1030000	**Uibheacha éan**	0,02 (*)
1030010	An chearc	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	
1030040	Gearg	
1030990	Eile (2)	
1040000	**Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)**	**0,05** (*)
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,01 (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,01 (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,01 (*)
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**	

1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**	
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**	

(*) Léiríonn an (*) íosteorainn an chinnidh anailísigh
([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de bhunadh ainmhíoch agus plandaí iad a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart Iarscríbhinn I a cheadú
(+) Comhcheangal táirge-lotnaidicíde a bhfuil fonóta ann ina leith. Tá liosta na bhfonótaí thíos.'